

Scéal na Bó

Bhí lánú phósta ann tamall de bhlianta ó shin. Seán agus Máire dob' ainm dóibh. Bhí lá an chíos ag glaoch orthu agus gan faic acu chun é a dhíol muna ndíolfaidís an t-aon bhó amháin a bhí acu.

"Sea is dócha," arsa Seán, "caithfear í a dhíol. Cad eile atá le déanamh?"

"Agus a Sheáin," arsa Máire, "ná bí ag lorg an iomarca uirthi lá an aonaigh, ar eagla ná díolfá í."

Bhí an bhó go deas ag Seán agus is gairid a bhí sé ar an aonach nuair a tháinig ceannathóir i leith chuige.

"Cad atá tú ag lorg ar an mbó?" ar seisean.

"Níl agam," arsa Seán, "ach aon fhocal amháin, tóg nó fág, dhá phúnt déag."

Nuair a chonaic an ceannathóir go raibh margadh sa bhó aige, thug sé dho an dá phúnt déag uirthi. D'iarr sé ar Sheán í a choimead ar feadh uair a chloig mar bhí gnó le déanamh aige sa bhanc.

Níorbh fhada a bhí sé imithe nuair a tháinig ceannathóir eile chuige agus dhíol Seán an bhó leis siúd chomh maith. D'iarr an dara ceannathóir ar Sheán an bhó a choimeád dó ar feadh leath uair a chloig.

"Coimeádfaidh mé agus fáilte, a mhic ó," arsa Seán.

Ba ghairid go dtáinig bean aníos chuige. Dhíol Seán an bhó leis an mbean chomh maith agus thug sí dhá phúnt déag dó uirthi. D'iarr an bhean ar Sheán an bhó a choimeád di ar feadh deich nóimint.

Ba ghairid go dtáinig an chéad cheannathóir thar n-ais. Siar a bhí a thriall abhaile. D'fhág sé lá maith ag Seán agus d'imigh sé leis, é féin agus an bhó.

Cé a bheadh ag gabháil aniar ach an dara ceannathóir.

"Cá bhfuil tú ag dul lem' bhó?" arsa sé.

"Táim á breith abhaile," arsa an chéad cheannathóir. "Cheannaíos ó chianaibh í ar dhá phúnt déag."


"Ní tusa a cheannaigh í ach mise," arsa an fear a bhí ag gabháil aniar, "agus mo chroí ón diabhal má ligim-se duit í a bhreith leat."

Is ansan a thosnaigh an t-achrann idir an bheirt. Bhailigh slua mór timpeall orthu. I lár an achrainn cé a thioctadh ach an bhean a cheannaigh an bhó. Dúirt duine éigin lei gur beirt cheannathóirí a bhí ag troid agus iad ag iarraidh bó a bhaint do na chéile.

Nuair a dhruid sí aníos thug sí fé ndeara gurb í a bó féin a bhí san achrann. Chrom sí síos agus thosnaigh sí ag piocadh suas clocha agus á gcaitheamh. Bhail sí daoine leis na clocha agus bhris sí fuinneoga.

Caitheadh fios a chur ar na gárdaí.

"Bhfuil an fear a dhíol an bhó annso?" arsa an gárda.



"Táim annso," arsa Seán. "Is amhlaidh atá an dá bithiúnach so ag iarraidh mo bhó a bhaint díom mar cíonn siad go bhfuilim aosta lag."

"Imigh leat abhaile," arsa an gárda, "tú féin agus do shiabhra bó."

"Habha abhaile, habha abhaile," arsa Seán agus d'imigh sé leis, é féin agus an bhó.

"Ó mhuisse, Dia lem' anam," arsa Máire, nuair a chonaic sí Seán ag teacht abhaile gan an bhó a dhíol mar a mheas sí.

"Dhíolas í go deimhin," arsa Seán agus d'inis sé do Mháire cad a tharla.

"Ach a Sheáin, a chroí," arsa Máire, "b'fhéidir go gcuirfear an dlí anois ort. 'Sí mo chomhairle-se dhuit ná dul go dtí dlíadóir agus an scéal d'insint dó."

Chuaigh Séan go dtí dlíadóir agus dúirt leis go dtabharfadh sé deich bpúint dó dá mbuafadh sé an chúis dlí ach ná beadh faic le fáil aige muna mbuafadh.

"Tá go maith," arsa an dlíadóir. "Bhfuil aon amhrán agat a Sheáin!"

"Sé an port is gnáthaí liom bheith im' bhéal agam ná:

San teabha dilí abha deabha, deabha,

San teabha dilí abha deabha, dí."

"Déanfaidh san an bheart go breá," arsa an dlíadóir. "Éinne a fhiatróidh aon rud díot lá na cúirte, abair é sin dó."

Nuair a tháinig lá na cúirte, d'fhiafraigh an breitheamh de Sheán ar cheannaigh an chéad cheannathóir an bhó uaidh.

"San teabha dilí abha deabha, deabha," arsa Seán, agus ní dúirt sé faic eile.

Tharla an rud céanna nuair a cheistigh an breitheamh é an dara huair.

"Ar cheannaigh an bhean an bhó uait," arsa an breitheamh ansan.

"San teabha dilí abha deabha, deabha," arsa Seán.

"Imigh leat abhaile," arsa an breitheamh. "Ná feiceann a bhfuil istigh annso gur 'madán amach is amach thú."

Amach an doras le Seán agus lean an dlíadóir é.

"Nár mhaith í mo chomhairle," arsa an dlíadóir. "Anois tabhair dom mo dheich bpúint."

"San teabha dilí abha deabha, deabha," arsa Seán agus bhog sé chun bóthair abhaile do féin.

Tógtha as Scéalta Mhicil leis an bhFear Mór.

Ceisteanna

1. Mínigh an focal lánú.
2. Cé leis a bhí an cíos le díol?
3. An mór a fuair Seán ar an mbó?
4. Cá raibh an t-airgead ag an mbean, an doigh leat?
5. Cad é an gnó a dhéanann duine sa bhanc?
6. Mínigh: ó chianaibh; siabhra bó; achrann; bithiúnach; an bheart.
7. Tugann breitheamh ceann de dhá bhreith ag deireadh cúis dlí. Cad iad?
8. Cad a dúirt an breitheamh i dtaobh Sheáin?
9. Bhí Seán ró-chliste dóibh ar fad. Conas?
10. Cad a dhéanann dlíadóir?

Obair le déanamh

Scríobh amach iad so agus fág na lúibíní ar lár:

- | | |
|-----------------------------|------------------------------|
| a. airgead (an bhean). | f. ag ól (an deoch). |
| b. ag treabhadh (an talamh) | g. gluaisteán (an mháthair). |
| c. mór-thimpeall (an tigh). | h. leabhar (an t-athair). |
| d. oifig (an dlíadóir). | i. cairt (an ceannathóir). |
| e. caint (an breitheamh). | j. obair (an gárda). |

Rudaí Beaga

Bhí Liam óg agus a athair críonna ar an gcnoc.

“Cad a dhéan na poill go léir sa talamh?” arsa Liam.

I gcathair Bhaile Átha Cliath atá Liam ina chónaí, agus níl puinn tuisceana aige sna nithe a bhaineann leis an dtuath.

“Coinigéar é seo,” arsa a athair críonna. “Na coiníní a dhéan na poill.”

“Ba mhaith liom na coiníní d’feiscint,” arsa Liam.

“Luigh síos ar an dtaobh thiar den dtor so,” arsa a athair críonna, “agus fan socair go ceann tamaill.”

Luigh an bheirt síos, agus d’fhanadar socair gan focal astu. Níorbh fhada gur scinn an coinín amach as an bpoill. Seibineach mór groí a bhí ann. Bhí dhá chluais mhóra air, agus bhí a shrón ar crith fé mar a bheadh an coinín ag bolthú an aeir.

Lean na coiníní eile amach é. Bhí cuid acu mór, agus cuid acu beag, cuid acu óg agus cuid acu críonna. Chonaic Liam na heireabail bheaga bhána ag dul suas síos, suas síos, agus níor fhéad sé gan gáire a dhéanamh. Ní tuisce an gáire thar a bhéal ná bhí na coiníní glanta leo isteach sna poill.

An coinín mór críonna ba dheireannaí a chuaigh sa phoill. D’fhan seisean amuigh mar a bheadh saighdiúir ar gárda, agus gach aon chnag dá chosa deiridh anuas ar an dtalamh aige, fé mar a bheadh sé á rá leis an gcuid eile acu brostú orthu.

“Nach mór an trua gur chuireas an ruaig orthu,” arsa Liam.



“Téanam ort,” arsa a athair críonna “Tá nithe eile agam le taispeáint duit.”

“Cad iad na nithe iad?” arsa Liam, agus a lámh aige i lámh a athar chríonna.

“Fan go bhfeicir, a bhuachaill,” arsa a athair críonna agus é ag gáirí.

Chuir an bheirt acu an cnoc siar díobh, go dtángadar go dtí an lochán. Leath an dá shúil ar Liam.

“Tá an lochán ina bheathaidh,” ar seisean.

“Cad é an saghas piastaí iad san?”

“Ní piastaí iad,” arsa a athair críonna, “ach froganna óga.”

D’fhan Liam ag féachaint orthu ar feadh i bhfad.

“Nach ait mar a luascaid a n-eireabaill anonn is anall nuair a bhíd ag snámh,” ar seisean.

“Féach an ceann san ar an bport,” arsa a athair críonna.

“Níl ach stúmpa den eireaball air siúd,” arsa Liam, “agus tá dhá chois fé.”

“Tá an frog san timpeall dhá mhí d’aois,” arsa a athair críonna. “Níl ach na cosa deiridh fós fé. I gceann míosa eile fásfaidh a dhá chois tosaigh, agus ní bheidh aon rian den eireaball air. Téann an t-eireaball i ngiorracht do réir mar a bhíonn an frog ag fás.”

“Cad a itheann na froganna?” arsa Liam.

“Cuilleoga is mó a itheann na seanfhroganna. Lena dteanga a bheirid orthu. Ní bhíonn aon teanga ar na froganna óga, agus is amhlaidh a ithid na plandaí a bhíonn ag fás sa lochán.”

“Nach iontach na nithe iad, mar fhroganna!” arsa Liam.

“Is mó rud is iontaí ná iad a chífir fén dtuaithe, a mhic ó,” arsa a athair críonna.

Eoghainín na nÉan

C omhrá a tharla idir Eoghainín na nÉan agus a mháthair, tráthnóna earraigh. An chéirseach agus an gealbhán buí a chuala é, agus d’innis dom chairde, na fáinleoga, é.

“Tar isteach, a pheata. Tá sé ag éirí fuar.”

“Ní fhéadaim corraí go fóill beag, a mháithrín. Táim ag fanacht leis na fáinleoga.”

“Cé leis, a mhaicín?”

“Leis na fáinleoga. Táim á cheapadh go mbeidh siad chugainn anocht.”

“Agus cad as go bhfuilid ag teacht, a linbh?”

“Ón Domhan Theas — an áit ina mbíonn sé ina shamhradh i gcónaí. Táim ag fanacht leo le seachtain. Táim ana uaigneach ó d’fhágadar mé sa bhfómhar. Bíonn an oiread san acu le rá liom.

“Ní hionann iad agus an chéirseach nó an gealbhán buí a chaitheann a saol cois an chlaí sa gharraí. Bíonn scéalta iontacha le haithris acu i dtaobh na gcríoch go mbíonn sé ina shamhradh iontu i gcónaí.

“Tar isteach, a pheata, agus téigh a chodladh.”

“Níor mhaith liom iad a theacht agus gan mé anso chun fáilte a chur rompu. Bheadh ionadh orthu.”

D’fhan an garsún beag ar a shuíochán aerach ag faire.

D’ísligh an ghrian go mall go raibh sí go díreach ar bhun na spéire, go raibh sí fé



na fáinleoga.

Chualathas go hobann glór nár chualathas san áit sin le breis is leath-bhliain. Glór beag bídeach. Glór fann fíor-bhinn. Le luas lasrach thiomáin toirt bheag dhubh aneas. Í ag eitilt go hárd san aer. Dhá sciathán leathna láidre uirthi. Déanamh gabhláin ar a heireaball. Í ag gearradh na slí roimpi mar shaighid a caithfí as bogha.

Dhéan sí caol díreach ar Eoghainín, gur luigh agus gur neadaigh sí i mbrollach an gharsúin tar éis a taistil fhada ón Domhan Theas.

“Ó, mo ghrá thú!” arsa Eoghainín, agus é á tógaint ina dhá lámh, agus á pógadh ar a cloiginín dubh. “Sé do bheatha chugainn. Óra, mo míle míle grá thú, a theachtair bhig álainn ón dtír ina mbíonn sé ina shamhradh i gcónaí!”

“Táid ar fáil sa deireadh, a mháithrín,” arsa Eoghainín, agus é ag rith isteach go lúcháireach. “Tá na fáinleoga ar fáil sa deireadh. Tháinig péire anocht — an péire go bhfuil a nead os cionn m’fhuinneoige-se. Beidh an chuid eile chugainn amárach.”

Ba shámh é codladh Eoghainín an oíche sin.

D’imigh an Samhradh. D’imigh an Lúnasa agus an Meán Fómhair. Bhí an Deireadh Fómhair leath-chaite. Do réir mar a bhí na laethanta ag dul i ngiorracht bhí Eoghainín ag éirí ní ba bhrónaí. Gach oíche roimh dul a chodladh dhó, phógadh sé a mháthair agus deireadh sé:

“Glaigh orm go moch ar maidin, a Mháithrín. Is beag an spás atá agam anois. Beidh siad ag imeacht gan mórán moille.”

Ghealaigh lá álainn i lár na míosa. Bhí an buachaillín beag ina shuí go moch. Ó

bhun na spéire. Shéid gála fuar anoir. Leath an dorchadas ar an dtalamh. Fé dheireadh, tháinig Eoghainín isteach.

“Is baolach ná tiocfaidh siad anocht,” ar seirean, “b’fhéidir le Dia go dtiocfaidís amárach,”

Tháinig an mhaidin. Bhí Eoghainín ina shuí go moch, agus é ag faire amach ó mhullach na faille.

Tháinig an meán lae. Tháinig an deireadh lae. Tháinig an oíche. Ach, mo léan! níor tháinig na fáinleoga.

“B’fhéidir go bhfeicfimis chugainn amárach iad,” arsa Eoghainín, agus é ag teacht isteach go brónach an oíche sin.

Tháinig tráthnóna aoibhinn i ndeireadh an Aibreáin. Bhí solas iontach sa Domhan Thiar. Bhí séis cheoil ag na héanlaith sa choill. Bhí duan á chanadh ag na tonntracha ar an dtraigh. Ach bhí uaigneas ar chroí an gharsúin agus é ag fanacht leis

thús lae bhí na céadta fáinleog bailithe le chéile ar mhullach an tí. Ó am go ham d'imíodh ceann nó péire acu, agus d'filleadh arís, mar a bheidís ag breathnú ar an aimsir.

Fé dheireadh, d'imigh péire agus níor fhilleadar. D'imigh péire eile. D'imigh an tríú péire. Bhíodar ag imeacht i ndiaidh a chéile go dtí nár fhan ach aon scata beag amháin ar stuaic an tí.

D'éirigh an scata beag éan san aer, agus thugadar aghaidh ar an Domhan Theas. Ag imeacht dóibh thar barr na coille d'fill péire acu thar n-ais — an péire go raibh a nead os cionn na fuinneoige. Anuas leo ón spéir ag déanamh ar Eoghainín. Chuimlíodar a sciatháin dá ghrua agus iad ag scuabadh leo thairis. Suas leo san aer arís, iad ag labhairt go brónach, agus as go brách leo i ndiaidh na coda eile.

"A mháthair," arsa Eoghainín, "táid ag glaoch orm. 'Téanam ort go dtí an tír go mbíonn an ghrian ag soilsiú i gcónaí ann. Téanam ort, a Eoghainín na nÉan.' Slán agat, a mháithrín mo chroí. Táim ag imeacht uait go dtí an tír go mbíonn sé ina shamhradh ann i gcónaí."

Lig sé a cheann siar ar ghualainn a mháthar, agus chuir sé osna as. Bhí Eoghainín imithe i bhfochair na bhfáinleog.

Ceisteanna

1. Ainmnigh na héin atá luaite sa scéal.
2. Cathain a thagann agus a imíonn na fáinleoga?
3. Cad ina thaobh gur tugadh Eoghainín na nÉan ar an ngarsún?
4. Míniú: duan; bídeach; ní hionann iad; fann; déanamh gabhláin; stuaic an tí; lúcháireach.
5. Cé acu des na tréithe seo a chuirfeá le Eoghainín: aisteach; dána; amaideach; cineálta; borb; mí-bhéasach; grámhar; uaigneach.
6. Cad as a dhéanann fáinleog a nead?
7. Éan imirce is ea an fháinleog. Ainmnigh dhá éan imirce eile.
8. Cá bhfuil an Domhan Theas?
9. Dhéan Eoghainín tagairt don áit ina mbíonn sé ina shamhradh i gcónaí. Cad a bhí i gceist aige?
10. Cad a tharla d'Eoghainín i ndeireadh an scéil?

Obair le déanamh

Cuir **in aice** roimh gach ceann díobh so:

an doras
an bóthar
an cúl
an scoil
an fhuinneog

an tráigh
an tine
an fharraige
an baile
an chathair.

An Mada Rua



Bhí mam agus na leanaí ina suí cois tine. Ní raibh aon rud suimiúil ar an dteilifís agus thosnaíodar ag caint is ag comhrá.

“Cad é an leabhar is fearr atá léite agat,” arsa mam le Brian.

“B’fhearr liom na leabhair i dtaobh an mhadra rua atá scríofa ag Tom McCaughren, ná aon leabhar eile dár

leagas súil air,” a dúirt Brian. “Bhfuil a fhios agat gur léas *Run With The Wind* trí huaire ar fad.”

“Caithfidh go bhfuil sé ana-shuimiúil ar fad,” arsa Brídín.

Thosnaigh Brian ansan agus d’aithris dóibh cuid den scéal as an leabhar. D’inis sé gach ní i dtaobh an mhada rua dóibh.

“Bhfuil a fhios agaibh gur féidir le madra rua scréach na luiche a chlos 100 m ó bhaile,” arsa Brian. “Agus go seasann sé ar a chosa deiridh sa bhféar fada. Nuair a fheiceann sé an féar ag corraí léimeann sé anuas ar an luch.”

Thug Brian breis eolais dóibh i dtaobh an mhada rua. Dúirt sé leo go dtugann an madra rua luch bheo abhaile go dtí na coileáin chun a mhúineadh dhóibh conas ainmhí a mharú.”

“Ní deas an rud é sin,” arsa Brídín. “Is gránna an t-ainmhí a dhéanfadh é sin.”

“Ach déantar rudaí gránna leis an mada rua bocht chomh maith,” arsa mam. “Nuair a théann an t-ainmhí bocht isteach ina phluais, réabann lucht an fhiaigh an áit. Tógann siad amach an mada rua agus ansan stracann na gadhair as a chéile é.”

“Ach ní spórt é sin, a mham,” arsa Brídín. “Níl sé sin cóir ná ceart.”

“Níl is dócha,” arsa mam. “Ach ní haon dóithín an mada rua é féin. Déanann sé scríos ar chearca go minic agus maraíonn sé iad go léir cé ná beireann sé leis ach ceann amháin.”

“Agus ná hionsaíonn sé na huain óga?” a dúirt Brian.

Déanann, a chroí,” arsa mam. “Chuala féin scéal nuair a bhíos óg i dtaobh mada rua a mharaigh a raibh de chearca i gcró na gcearc. Bhí sé fé ghlais sa chró ar maidin nuair a tháinig bean an tí. Cheap sí go raibh sé marbh mar bhí sé sínte imeasc na gcearc agus gan cor as. Chaith bean an tí amach an doras é agus ansan d’éirigh sé agus rith sé lena anam.”

“Nach cliste an t-ainmhí é?” arsa Brídín. “Chomh gasta le mada rua a deirtear.”

“Agus bhfuil a fhios agaibh gur iascaire é an mada rua?,” arsa Brian.

“Era i gcúntas Dé,” arsa Brídín.

“Sea mhuisse,” arsa Brian. “Nuair a bhíonn ana-ocras ar an mada rua luíonn sé cois na habhann nó cois an tsrutháin. Cuireann sé a eireaball isteach san uisce agus nuair a bheireann iasc air luascann sé amach ar an mbruach é.”

“Cleasaí breá is ea an sionnach, gan aon amhras,” arsa mam. “Ritheann sé le gaoith agus casann sé thar n-ais agus snámhann sé thar abhainn chun na gadhair a chur amú. Cailleann siad an boladh sa tslí sin.”

Tháinig daid isteach ansan agus chuir sé ana-shuim sa chomhrá. Bhí cúpla scéal aige féin i dtaobh an mhada rua.

“Is cuimhin liom go maith,” arsa daid, “nuair a bhíos óg. Bhí bean ghalánta ar an mbaile agus bhí cóta fionnaidh aici. Agus bhí scairf fionnaidh timpeall ar a muineál aici agus ceann an mhada rua ar crochadh anuas lei. Bhí leanaí an bhaile ar fad scanraithe roimis an mada rua úd. Cheapas féin go raibh sé ina bheathaidh”.

“Tá an mada rua luaite sa bhéalóideas agus sa cheol leis,” arsa mam. “Is dócha gur chuala sibh an fonn “Fiach an Mhada Rua”. Tá ceol rince, glór na ngadhar agus an mhada rua agus caoineadh don mada rua ann.”

“Agus tá amhrán breá ann chomh maith ina thaobh,” arsa Brídín. “An Mairín Rua is ainm dó.”

“Chuala-sa riamh gur Éire agus Sasana atá i gceist san amhrán san ach go n-úsáitear ainm an mhada rua ann,” arsa daid. “Chanfainn anois díbh é ach is dócha go dteithfeadh sibh ar fad a chodladh dá dtosnóinn.”

Ceisteanna

1. Cad ina thaobh ná raibh an chlann ag féachaint ar an dteilifís?
2. Ainmnigh aon leabhar eile de shraith Tom McCaughren seachas an ceann atá luaite annso.
3. Tá ainm eile ar an bhfiach. Cad é?
4. Tá cúpla cró eile ann. Ainmnigh iad.
5. Ainmnigh trí shlí ina gcuireann an mada rua na gadhair amú.
6. Cad a scanraigh leanaí an bhaile nuair a bhí daid óg?
7. Tabhair cúntas ar an bhfonn “Fiach an Mhada Rua”
8. Cad é an míniú a bhí ag daid ar an amhrán “An Mairín Rua.”
9. Scríobh aon chleas nó eolas eile ná fuil sa scéal so i dtaobh an mhada rua.
10. Níorbh amhránaí maith é daid. Tabhair fáth leis an dtuairim sin.

Obair le déanamh

Scríobh san Aimsir Fháistineach (amárach) —

- | | |
|-------------------------------|------------------------------|
| a. Thángamar thar n-ais. | f. Cá bhfuairis é? |
| b. Ar cheannaigh sé iad? | g. Cé a dhúisigh í? |
| c. Níor ghlan sí an seomra. | h. Conas a déanadh é? |
| d. Chualathas glór go hobann. | i. Cad d’fhiafraigh sí díot? |
| e. D’ólas an bainne ar fad. | j. D’osclaíomar iad go léir. |

An Mairín Rua

Ar mo ghabháil aduaidh dom thar Sliabh Luachra,
'Gus mise ag cur tuairisc mo ghéanna,
Ar mo chasadh anuas sea fuaires a dtuairisc,
Go raibh mairín rua á n-aoireacht.

Cúrfá: An mairín rua, rua, rua, rua, rua,
An mairín rua tá gránna;
An mairín rua' na luí sa luachair,
'Gus barra a dhá chluas in áirde.

Good morrow fox! good morrow sir!
Pray what's that you're ating?
A fine fat goose I stole from you,
And will you come and taste it?
Oh no indeed, ní háil liom í,
Ní bhlaifead pioc di in aon chor;
But I vow and swear you'll dearly pay
For my fine fat goose you're ating.

Ní bhlaifead pioc's ní íosfad giob,
Is ní raghaidh aon smut i m' bhéal de,
But I vow and swear you'll dearly pay
For my fine fat goose you're ating.

Cúrfa

Greadadh chroí cráite ort, a mhairín ghránna,
Do rug uaim m'ál breá géanna,
Mo choiligh mhóra bhreátha, mo chearca bhí go hálainn,
Is mo lachain bheaga b'fhearr a bhí in Éirinn.

Cúrfá

Hark! Hark! Finder, Lily agus Piper!
Cruinnigí na gadhair lena chéile!
Hark! Hark! Trueman, ar Fleasc na Cúma
Is ba mhaith an fear cúil é Bateman.
Sin chugaibh ramhar-phoc, beirigí in am air!
I coinnigí i dteannta na bpléar é;
Nó go dtiocfaidh an t-am ina mbainfear de an ceann
Ní bheidh cearca go ramhar ag Séamus.

Cúrfa: Tally ho lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Tally ho lena bhonn, a choileáinín!
Tally ho lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Agus barra a dhá chluas in áirde.